



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2025
(OR. en)

11371/25
PV CONS 39
ECOFIN 969
PARLNAT

DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ
COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)
8 Iúil 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh** 10792/25

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10792/25.

2. **Formheas na míreanna ‘A’**
(a) **Liosta neamhrechtach** 10790/25

Ghlac an Chomhairle gach mír A a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tiolacadh lena nglacadh.

- (b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 10789/25

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 1092-1095/2010 agus Rialachán (AE) 2021/523 a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí na seirbhísí airgeadais agus na tacaíochta infheistíochta**  10708/25
7377/25 + ADD 1
EF
Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh
a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 2.7.2025

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 114, Airteagal 173 agus Airteagal 175, an tríú mír, CFAE).

Gnóthaí Eachtracha

2. **Cinneadh maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Chomhaontú an Chonartha um Chairt Fuinnimh**  10710/25 + ADD 1
PE-CONS 15/25
POLCOM
Glacadh an ghnímh reachtaigh
a d’fhormheas Coreper, Cuid 2, an 2.7.2025

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 194 CFAE), agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an tSeicia, an Fhrainc, Málta agus an Ostair ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Plé reachtach

(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

3. **Pacáiste Airgeadra Aonair**  10767/25
a) **Rialachán maidir leis an euro digiteach a bhunú** 11605/23 + ADD 1
b) **Rialachán maidir le soláthar seirbhísí íocaíochta sa euro digiteach ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta lasmuigh den limistéar euro** 11604/23
11603/23
c) **Rialachán maidir le dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro**
Díospóireacht bheartais

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an bpacáiste reachtach.

4. **Aontas Coigiltis agus Infheistíochta: Athbhreithniú ar an urrúsú**  10530/25
Díospóireacht bheartais + ADD 1-3
10531/25
+ ADD 1-3

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle ar bhonn cur i láthair ón gCoimisiún.

5. **Aon ghnó eile** 10781/25
Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair
Faisnéis ón Uachtaránacht

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil faoin obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha

6. Clár oibre na hUachtaránachta 
Cur i láthair ón Uachtaránacht
Seisiún tuairimíochta
7. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
Seisiún tuairimíochta
8. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip  10502/25 + ADD 1
Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid 10509/25 + CNAR
Téarnaimh agus 1 + CUIR
Athléimneachta ISTEACH 1 REV
(Bunús dlí: Airteagal 20, Rialachán (AE) 2021/241) 1
Glacadh 10517/25 + ADD 1
10522/25 + ADD 1
10528/25 + ADD 1
10529/25 + ADD 1
9. Seimeastar Eorpach 2025
a) Moltaí tírshonracha comhtháite 9904/3/25 REV 3
(Bunús dlí: Airteagail 121 agus 148(4) CFAE) 9905/25
Glacadh 9906/25
b) Conclúidí maidir le grinn-athbhreithnithe 2025 faoin nós 10338/25
imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha 11111/25
Formheas

10. Cur chun feidhme an chreata rialachais eacnamaíoch
- a) Pleananna struchtúracha fíoscacha meántéarmacha: Moltaí ón gComhairle
(Bunús dlí: Rialachán (AE) 2024/1263) 10339/25
10340/25
10342/3/25 REV 3
 - b) Clásail éalaithe náisiúnta: Moltaí ón gComhairle
(Bunús dlí: Rialachán (AE) 2024/1263) 10347/25
 - c) Cinntí agus Moltaí ón gComhairle faoin nós imeachta um easnamh iomarcach
(Bunús dlí: Airteagal 126(6+7) CFAE) 10348/25
10349/25
- Glacadh*
11. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí Bainc Ceannais G20 an 17-18 Iúil 2025: Téarmaí tagartha an Aontais 10358/25
Formheas
12. An Bhulgáir a bheith ag glacadh an euro ☐C
- (a) Cinneadh ón gComhairle maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026
(Bunús dlí: Airteagal 140(2) CFAE) 10351/25
 - (b) Rialachán ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tabhairt isteach an euro sa Bhulgáir
(Bunús dlí: Rialachán (CE) 974/98 ón gComhairle) 10352/25
 - (c) Rialachán ón gComhairle maidir leis an ráta comhshó chuig an euro don Bhulgáir
(Bunús dlí: Rialachán (CE) 2866/98 ón gComhairle) SN 10353/25 +
COR 1
- Glacadh*
13. Aon ghnó eile

-
- 1 An chéad léamh
- 3 Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún
-

**RÁITIS A GHABHANN LEIS AN MÍR REACTACH ‘A’ A LEAGTAR AMACH
IN 10789/25**

**Maidir le mír 2 ar
liosta na míreanna
‘A’:**

**Cinneadh maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Chomhaontú an
Chonartha um Chairt Fuinnimh**
Glacadh an ghnímh reachtaigh

RÁITEAS ÓN tSEICIA, ÓN bhFRAINC, Ó MHÁLTA AGUS ÓN OSTAIR

‘Tacaíonn Poblacht na Seice, Poblacht na Fraince, Poblacht Mhálta agus Poblacht na hOstaire le cuspóir agus substaint an Chomhaontaithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh (‘an Comhaontú’).

Mar sin féin, ní féidir le Poblacht na Seice, Poblacht na Fraince, Poblacht Mhálta agus Poblacht na hOstaire aontú leis an mbunús dlí a roghnaíodh don Chinneadh.

I gcomhréir le cinntí a rinneadh roimhe seo maidir leis an gConradh um Chairt Fuinnimh, bheadh Airteagal 194 CFAE i gcomhar le hAirteagal 207 CFAE ar an mbunús dlí substainteach níos iomchuí.

Níos tábhachtaí fós, ní féidir Airteagal 194 CFAE a bheith ina bhunús dlí nós imeachta don Aontas chun an Comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Beidh an Comhaontú ina fhoinsé dlí idirnáisiúnta i bhfoirm conartha. Leagtar amach in Airteagal 218 CFAE an nós imeachta is infheidhme i gcásanna ina ngníomhaíonn an tAontas Eorpach chun bheith ina pháirtí conarthach i gcomhaontú idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas an Comhaontú a ghlacadh ar bhonn Airteagal 218 CFAE, ós rud é go nglacann na Ballstáit, ag gníomhú dóibh mar ábhair faoin dlí idirnáisiúnta phoiblí, seasamh sa chás seo atá cosúil le seasamh tríú tíortha, mar gheall ar ábhar an Chomhaontaithe agus mar thoradh ar roinnt na n-inniúlachtaí. Thairis sin, tacaíonn cineál coimhdeach an Chomhaontaithe le conradh a tugadh i gcrích le tríú tíortha freisin le húsáid Airteagal 218 CFAE mar bhunús dlí nós imeachta.

Trí Airteagal 194 CFAE a úsáid mar bhunús dlí nós imeachta, déantar dochar do phrionsabal na cothromaíochta institiúidí, tagann sé roimh chumhachtaí Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle mar chomhreachtóirí agus d’fhéadfadh sé fasach neamhfhabhrach a leagan síos.

Thairis sin, cuireann Poblacht na Seice, Poblacht na Fraince, Poblacht Mhálta agus Poblacht na hOstaire i dtábhacht nach bhforléireofar an Cinneadh mar Chinneadh a dhéanann difear do roinnt na n-inniúlachtaí i ndáil le réiteach díospóidí idir infheisteoir agus stát.

Forchoimeádann Poblacht na Seice, Poblacht na Fraince, Poblacht Mhálta agus Poblacht na hOstaire gach ceart chun aon chaingean dlí a thionscnamh a mheasann siad is gá chun sásamh a lorg.’

RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Níl an Ungáir in ann tacú leis an gcinneadh ón gComhairle atá beartaithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le glacadh an Chomhaontaithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit ag an Aontas, ná páirt a ghlacadh sa chinneadh sin. Dá bhrí sin, ní féidir an togra thuasluaite a mheas mar chomhthuiscint ar an Aontas Eorpach.

Ní féidir na cinntí atá beartaithe a léirmhíniú, tráth a nglactha, ar bhealach a thabharfadh le tuiscint go hintuigthe nó sainráite go dtacaíonn an Ungáir leo.

Tá an Ungáir fós den tuairim go n-éilítear an bunús dlí iomchuí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

Maidir leis an ábhar, tá an Ungáir den tuairim, i gcomhréir le rialacha dhlí idirnáisiúnta an ghnáis, gurb iomchuí comhaontú a bhunú ag a mbeidh raon feidhme réamhbhreathnaitheach agus cur chun feidhme na bhforálacha a leagtar amach i mbreithiúnas Komstroy. Ní féidir dul i ngleic le hábhair imní an Aontais ar bhealach treallach le héifeacht chúlghabhálach, ós rud é go bhféadfadh cur chuige den sórt sin cearta dílsithe infheisteoirí faoi ECT a shárú. Is iad an easpa deimhneachta dlíthiúla agus an easpa ceart atá ag infheisteoirí chun leigheas dlí is cúis leis na hábhair imní is tromchúisí trí neamhaird a thabhairt ar leasanna dlisteanacha na n-infheisteoirí, ar na damáistí a fulaingtíodh, agus ar an gceart chun leigheasanna dlí.

I bhfianaise an mhéid thuas, áitíonn an Ungáir nach féidir an t-imbhualadh dlíthiúil atá ann cheana idir dlí an Aontais agus ECT maidir le hinfheidhmeacht an réitigh díospóide idir Ballstát agus infheisteoir de chuid Ballstáit eile a bhaineann le hinfheistíocht a rinne an t-infheisteoir sin sa chéad Bhallstát a réiteach ach amháin i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta le chéile. Ar thaobh amháin, féadfar an choinbhleacht a réiteach, eadhon trí Airteagal 40 VCLT, trí ECT is infheidhme don todhchaí a nuachóiriú nó ar an taobh eile, trí Airteagal 41 VCLT trí shocruithe déthaobhacha nó ilpháirtithe.

Áirítear in Airteagal 24(3) ECT nuachóirithe clásal dícheangail laistigh den Aontas arb é is aidhm dó cur i bhfeidhm an chonartha amach anseo idir Ballstáit an Aontais a eisiamh. I gcomhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, d'fhéadfadh na Ballstáit a chomhaontú go frithpháirteach, i bhfianaise bhreithiúnas Komstroy agus an chaidrimh laistigh den Aontas, nach mbeidh feidhm ag foráil ECT maidir le réiteach díospóidí ina gcaidreamh cómhálartach.

Agus an réasúnaíocht dhlíthiúil thuas á cur san áireamh, tá seasamh daingean ag an Ungáir nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit sin a rinne ECT a nuachóiriú, lena n-áirítear an Ungáir, i gcomhréir leis an straitéis a ghlac an Chomhairle an 30 Bealtaine maidir le ECT.'